Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath.

S31/05

SCRÚDUITHE NA hARDTEISTIMÉIREACHTA AGUS AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH
TÁSTÁLACHA CLUASTUISCEANA - Úsáid dlúthdhioscaí i 2005 agus amach anseo

CHUIG: ÚDARÁIS NA SCOILEANNA IARBHUNOIDEACHAIS

Gach bliain déantar tástálacha cluastuisceana a thionól i nGaeilge, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis, Seapáinis, Rúisis agus Ceol ag na scrúduithe stáit. Bíonn suas le 11,000 seisiún éagsúil ar fud na tíre de thoradh na dtástálacha seo. Is é aidhm an Choimisiúin,agus socruithe á ndéanamh do na tástalacha seo, a dheimhniú go mbeidh caighdeán fuaime den scoth ar fáil d'iarrthóirí.

Is é an chomhairle ó thionscal na meán agus an t-aiseolas a gheibhimid ó scoileanna, ó mhúinteoirí agus ó iarrthóirí gur fearr an caighdeán fuaime a bheidh ann má úsáidtear dlúthdhiosca seachas caiséad fuaime agus, ina theannta sin, gur fearr a shárófar aon deacrachtaí oibriúcháin a bhaineann le meaisíní caiséad. Dá réir sin, úsáidfear dlúthdhioscaí feasta, i scrúduithe stáit 2005 agus sna blianta ina dhiaidh sin, sna tástálacha cluastuisceana sna teangacha cuí agus sna tástálacha éisteachta sa Cheol.

Maidir leis seo, chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta deontas aonuaire ar fáil i mí na Nollag 2004 mar chúnamh do Scoileanna Iarbhunoideachais chun seinnteoirí dlúthdhioscaí a sholáthar. Rianaítear in Alt 1 den seicliosta dea-chleachtais atá ina theannta seo, an tsonraíocht is gá do na haonaid atá le húsáid sna scrúduithe stáit, agus a dtángthas ar chomhaontú ina dtaobh le húdaráis bhainistíochta na scoileanna. Laistigh de na paraiméadair seo is ceist do gach scoil ar leith í seinnteoirí dlúthdhioscaí a sholáthar, agus féachaint chuige go sásófar na riachtanais fuaime sna hionaid tástálacha cluastuisceana atá molta sa scoil.

Ar dhlúthdhiosca amháin a bheidh na tástálacha cluastuisceana á dtairiscint ag an gCoimisiún, agus ní hea ar chaiséad fuaime, sna scrúduithe Stáit i 2005 agus sna blianta ina dhiaidh sin.
Táim ag seoladh chugat faoi iamh cúig chóip de dhlúthdhiosca samplach agus tástáil chluastuisceana shamplach ina theannta, mar chúnamh do scoileanna leis na trialacha fuaime agus i gcruthú na gcúinsí scrúdaithe a bhaineann le soláthar an trealaimh nua is gá do gach ionad scrúdaithe i do scoil. Tá súil agam go mbeidh na nótaí atá in éineacht leis an litir seo, agus an tástáil chluastuisceana shamplach, ina gcúnamh duit agus tú i mbun pleanála do scrúduithe na bliana seo.

De bharr scála an tionscnaimh atá i gceist níl dul as ach go bhféadfadh fadhbanna a bheith ann, i roinnt cásanna, le linn na dtástálacha. Dá réir sin, de bhreis ar na dlúthioscaí a thabhairt isteach i 2005, is é an cuspóir fairis sin atá agam sa litir seo ná roinnt beartas réamhchúraim is féidir a ghlacadh a chur ar aird na scoileanna. Beartais iad seo ab fhéidir a ghlacadh roimh na scrúduithe le súil a laghad cur isteach ar fad a dhéanamh ar na tástálacha féin. Agus mé á dhéanamh sin, táim ag gabháil chugam as líon na dtreoracha scoth-chleachtais a eisítear gach bliain maidir leis na trialacha cluastuisceana, as comhairle theicniúil, agus

as taithí agus tuairimí phríomhoidí scoile, fheitheoirí scrúdaithe agus chomhaltaí de Rannóg Measúnachta an Choimisiúin a raibh baint acu san am atá caite le deacrachtaí a tháinig chun cinn a shárú.

Agus socruithe á ndéanamh do na tástálacha cluastuisceana is é an aidhm is tabhachtaí ar fad ná a dheimhniú go mbeidh ar chumas gach mac léinn an diosca a chlos go soiléir. Go bunúsach mar sin, is athdhearbhú atá sna moltaí seo ar an dea-chleachtas i dtromlach na scoileanna.

Ina theannta sin, tabharfar, mar a rinneadh riamh go dtí seo, treoracha sonracha ar leith d'fheitheoirí maidir le tionól na dtástálacha cluastuisceana. Tá sé ar intinn freisin go mbeadh an dlúthdhiosca cluastuisceana samplach ar fáil d'fheitheoirí a chuirfeadh ar a gcumas dul i dtaithí roimh ré ar an seinnteoir dlúthdhioscaí atá le húsáid san ionad tástála cluastuisceana ar leith. Treorófar d'fheitheoirí, agus tuairisc á thabhairt acu don Choimisiún maidir le deacracht ar bith a mbeadh tionchar aige ar na hiarrthóirí le linn na dtástálacha cluastuisceana féin i mí an Mheithimh, deis rochtana ar an dtuairisc a thabhairt duit féin agus deis a thabhairt duit cóip den tuairisc a ghlacadh más mian leat é. Ar an gcaoi seo, beidh mic léinn ar an eolas maidir leis na sonraí atá á dtabhairt do Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus tharlódh gur mhian leo féin breis eolais a thabhairt go díreach don Choimisiún. Ba chóir aon fhaisnéis chumarsáide maidir leis na tástálacha cluastuisceana i gcaitheamh na scrúduithe a sheoladh go dtí an uimhir Fax 090-6442744 nó tríd an bpost go dtí 'Rannóg na nOiriúintí Réasúnta' i gCoimisiún na Scrúduithe Stáit.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leat as ucht an chomhoibriú agus an chúnaimh maidir leis na ceisteanna seo san am atá caite agus tá mórshúil agam go bhfónfaidh na moltaí a leanann chun na tástálacha cluastuisceana a chur i gcrích go sásúil sa scoil agatsa.

Aidan Farrell
Stiúrthóir na nOibriúchán

Márta 2005

SEICLIOSTA AGUS AN DEA-CHLEACHTAS ATÁ Á MHOLADH

1. Trealamh

Ní mór na gnéithe seo a leanas, den chuid is lú, a bheith ag baint leis na seinnteoirí atá le húsáid sna tástálacha cluastuisceana:

- Scáileán taispeána soiléir a léiríonn uimhir an traic atá ag casadh
- Áis chun traiceanna a sheinnt in ord éagsúil
- Áis tointeála traiceanna
- Priomhshruth chumhacht leictreach is fearr, an ceallra le húsáid mar chúltaca.

I gcás go bhfuil gléas comhtháite (i.e. callairí ina ndlúthchuid den ghléas) á úsáid ba chóir cúram ar leith a dhéanamh i ndeimhniú na leibhéal cuí fuaime chun nach gcuirfear an fhuaim as a riocht.

I gcás go bhfuil córas agus callairí ar leith á n-úsáid, ba chóir cúram a dhéanamh i lonnú na gcallairí chun gach iarrthóir a oiriúint agus chun nach gcuirfear an fhuaim as a riocht.

Ba chóir a nótáil go bhfuil na CDanna scrúdaithe ar fad i bhformáid mhonafónach agus nach féidir go gcloisfidh iarrthóir amháin cothroime fuaime éagsúil san ionad sin. Ba chóir a nótáil freisin maidir le rialúchán an doird gur fearr é a shocrú sa phointe láir nó faoina bhun. Níor chóir, go háirithe, úsáid a bhaint as ciútaí ar nós *mega bass*.

2. Cóiríocht

- Ní mholtar seomraí ollmhóra ná hallaí ná gymnasia a úsáid de ghnáth, toisc nach bhfuil an fhuaim do thástálacha cluastuisceana ina leithéidí chomh hoiriúnach céanna leis an bhfuaim i spás níos lú.

- Chun a dheimhniú go bhfuil an diosca inchloiste go soiléir moltar gur thart ar 20 iarrthóir is cóir a bheith san aon seomra amháin. I gcásanna áirithe, tharlódh go gcaithfí na hiarrthóirí a scarúint ó chéile in ionad agus feitheoirí breise a fhostú. Tú féin is fearr a bheartóidh cad iad na socruithe is fearr, agus an chóiríocht atá ar fáil duit sa scoil á cur san áireamh. Tharlódh sé go bhfuil tú sásta gur chruthaigh seomra mór go sármhaith i gcúrsaí fuaime san am atá caite agus gurbh fhéidir cóiríocht a thabhairt ann do ghrúpa mór iarrthóirí. Tá réimse roghanna agat maidir leis an gceist seo agus cúiteoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an costas breise a bhaineann le feitheoirí eile a fhostú chun an socrú is fearr don scoil agat, de réir do bhreithiúnais féin, a chur i bhfeidhm. (Féach an nóta thíos maidir le ceapadh feitheoirí breise.)

- Ar mhaithe le sláine na scrúduithe a dhearbhú, **níor chóir** na binsí i seomra ar bith a úsáidtear do thástail chluastuaisceana a lonnú níos cóngaraí ná **5 throigh** óna chéile, mar is amhlaidh an cás sna hionaid scrúdaithe ar fad.

- I gcás go gcaitear seomraí atá buailte ar a chéile a úsáid, moltar gur chóir a dheimhniú nach féidir an fhuaim ó sheomra amháin a chlos sa seomra eile.

3. Tástáil Fuaime (Triail na gCúinsí Tástála)

- Is é an cur chuige is fearr ar fad ná go socródh an scoil tástáil fuaime chun a dheimhniú go bhfuil gach seomra atá le húsáid don tástáil chluastuisceana oiriúnach i gcúrsaí fuaime. Tá sé á mholadh go mbainfeadh múinteoirí ranga triail as an dtástáil chluaistuisceana leis na mic léinn sna seomraí agus leis an trealamh atá le húsáid. Ar an gcaoi seo beidh muinín ag na hiarrthóiri agus ag na húdaráis scoile go mbeidh an diosca le clos lá na tástála cluastuisceana.

- Ba chóir aon fhothram seachtrach a mhúchadh chomh mór ar fad agus is féidir fad a mhairfidh an tástáil chluastuisceana. Ba chóir aon obair chothabhála nó athchóirithe atá ar siúl sa scoil nó i ngaireacht don scoil a chur ar atráth fad a mhairfidh na scrúduithe.

4. Mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta acu (máchail éisteachta)

- Ba chóir teanglanna nó cluasáin indibhidiúla, má tá fáil orthu, a chur i leataoibh d'iarrthóirí a bhfuil máchail éisteachta orthu.

- Is ceadmhach do mhac léinn a bhfuil máchail éisteachta air/uirthi an áit san ionad is fearr a oiriúnaíonn é/í féin a chur in iúl don fheitheoir.

5. Úsáid Threalaimh

- Aon seinnteoir amháin is cóir a úsáid i ngach seomra. Comhairlítear dúinn go bhfuil sé geall le bheith dodhéanta, ón taobh teicniúil de, dhá mheaisín a chur ag seinnt comhuain le chéile go sásúil chun an fhuaim a threisiú. Is é an réiteach atá air seo ná an dara seomra a úsáid do ghrúpa mór.

- Ba chóir go ndeimhneodh an triail roimh ré go bhfuil an seinnteoir ag obair i gceart. Comhairlítear dúinn nár chóir baint leis an gceann seinnte nó an lásar.

- I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeartófaí an fhuaim a mhéadú trí aimpliú a dhéanamh air. I gcásanna dá leithéid ba chóir duit a dheimhniú go bhfuil an trealamh ar ardchaighdeán. Ba mhór an cúnamh é dá mbeadh an trealamh seo ar fáil duit nuair atá an tástáil á dhéanamh ar an bhfuaim roimh na tástalácha cluastuisceana.

- Nuair atá leibhéal na fuaime á thástáil moltar go socrófaí airde na fuaime faoi bhun an leibhéil is airde fuaime.

6. Dul i gcomhairle roimh ré leis na Feitheoirí

- Ar shroichint na n-ionad scrúdaithe (7 Meitheamh i mbliana) treoraítear d'fheitheoirí na socruithe atá molta do na tástálacha cluastuisceana a thriail leatsa. Ba mhaith ab fhiú ar fad é dá mb'fhéidir leat deis a thabhairt do na feitheoirí dul i dtaithí ar an seinnteoir dlúthdhioscaí atá le húsáid san ionad agus aon eolas cuí a fuarthas amach i gcaitheamh na réamhthrialacha nó le linn úsáide sa scoil a thabhairt do na feitheoirí. Maidir leis seo, tabharfar cóip freisin do na Feitheoirí den tástáil chluastuisceana shamplach atá faoi iamh leis an gciorclán seo, a chuideoidh leo lena dtrealamh agus leis an dtástáil fuaime san ionad tástála cluastuisceana atá molta.

7. Líon na ndioscaí atá ar fáil

Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit dioscaí ar fáil ar bhonn **dhá cheann** do gach ionad scrúdaithe réamhdhearbhaithe sa scoil agat (i.e. ceann amháin sa bhreis mar chúltaca agus i gcás go roinnfí na hionaid). Tar éis duit do chuid socruithe cóiríochta is fearr a dhearbhú tharlódh go gcaithfeá dul i dteagmháil leis an gCoimisiún (folíne 2706) má tá gá le breis dioscaí. Chun a dheimhniú go mbeidh dioscaí breise ar bith pacáilte leis na páipéir cheisteanna níor mhór dúinn a bheith ar an eolas faoi 27 Bealtaine 2005. Is í an líne dhíreach theileafóin chuige seo ná 090 –6442706.

8. Ceapadh breis feitheoirí

- I gcás go bhfuil sé riachtanach ionaid bhreise a bhunú do na tástálacha cluastuisceana, ní mór d'fheitheoirí sna hionaid ina bhfuil iarrthóirí an Teastais Shóisearaigh amháin cuidiú leis na feitheoirí in ionaid Ardteistiméireachta in aice láimhe. Munar féidir socrú dá leithéid a dhéanamh, is ceadmhach do scoileanna feitheoir(í) breise a cheapadh.

- Ba chóir cóiríocht a chur ar fáil in ionad ar leithligh d'iarrthóirí Teastais Shóisearaigh a bhfuil iarrthóírí Ardteistiméireachta freisin ina dteannta in ionad, i gcás ábhar ar bith ina bhfuil comhpháirt chluastuisceana má tá scrúdú in ábhar eile ar an sceideal don am céanna san ionad atá ann cheana féin. I gcúinsí dá leithéid ba chóir don scoil socruithe a dhéanamh chun feitheoir(í) breise a cheapadh. Má dhéantar iarrthóirí Teastais Shóisearaigh a bhogadh go dtí ionad ar leithligh chun na cúinsí is gá don tástáil chluastuisceana a chur ar fáil, ní mór dóibh fanacht san ionad sin an chuid eile den seisiún scrúdaithe sin.

- Níor chóir gur múinteoir ón scoil chéanna a bheadh in aon duine a cheapfaí mar fheitheoir breise agus tá sé inmhianaithe go mbeadh sé/sí eolasach ar sheinnteoir dlúhthdhioscaí a oibriú.

- Ba chóir cóip de na treoirlínte seo a chur ar fáil do gach feitheoir breise a cheapfaí.

- *Ba chóir don scoil an táille chuí a íoc le feitheoir breise ar bith, agus cúiteoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit leis an scoil é ach an fhoirm éilimh chuí a fháil agus í sínithe ag an údarás scoile agus í dearbhshínithe ag an bhfeitheoir. Cuirfimid scoileanna ar an eolas sar i bhfad maidir leis an táille atá iníoctha le feitheoirí.*